

Splanc 2018-2019

Caibidil 3

An t-ábhar sa chaibidil reatha

Bígí ag éisteacht agus ag caint Éistigí le **Ag smaoineamh os ard (58)** le Ed Sheeran agus bainigí taitneamh as na cleachtaí leis. **Cuairt ar Pháras (60, 61, 62)** – scéal grafach agus crosfhocal bunaithe air. **Cluastuisicint 3a (59) agus 3b (63)** – ceisteanna bunaithe ar na dlúthdhioscaí. **Bígí ag plé** – laethanta saoire (66, 67)

Cúis ghéire, spraoi agus scannáin **Amadán! (53)** a thug an múinteoir ar Chal. **Filleann an feall... (64)** nó an ndéanann? Is é Mr Link **An lúb ar lár (57)** sa scannán seo a bheidh le feiceáil go luath. Bhris **Ruaille buaille (62)** amach ag cóisir lá breithe. **Cén teanga atá agat? (70)** Féach ar an ngearr-scannán *Fluent Dysphasia* chun a fháil amach cad a tharla do Murph!

Cúrsaí ceoil, spóirt agus teanga Beidh *Metallica* ag seinm ag **Ceolchoirm i mBaile Shláine (51)** i mbliana. Nach ait mar a théann **Tionchar an cheoil (51)** i bhfeidhm orainn! Má bhíonn samhradh álainn againn arís seans go rachaidh daoine ar saoire anseo in Éirinn. **Saoire sa Ghaeltacht (52)** b'fhéidir? Tá an-aithne ar an saighdiúir Rómhánach **Astérix (52)** agus na scéalta faoi i nGaeilge freisin. Bhí **Oíche thaitneamhach (54)** ag Fionn ag ceolchoirm *UB40* le déanaí. Nár dheas an ní é duine le **Stádas i mBostún (55)** ar cuairt ina cheantar dúchais agus Gaeilge á labhairt aige! Cad tá sa phársa ceoil **Tost (55)** le John Cage? Tá an cultúr a bhaineann le **Rásaíocht capall (57)** an-láidir in Éirinn. **Cad is ainm duit? (62/65)** agus cén bhrí atá le sloinnte áirithe? Ní gá

dul go dtí an Ghaeltacht chun **Cluichí as Gaeilge (65)** a imirt agus tá rogha ar fáil anois. Beidh **Corn Rugbaí an Domhain (65)** againn arís i mbliana agus muintir spóirt ar bís! An raibh Nollaig bhán nó **Samhradh bán! (61)** ó Irving Berlin? Ní fada go mbeidh James **Morrison in Éirinn (71)** arís.

Cúrsaí reatha **Aimsir na seacláide chugainn (50)** agus uibheacha seacláide de gach saghas ar díol. Cé gur oibríthe is mó a chaitheann **Veisteanna buí (51)** feictear muintir agóide anois leo! **Fógraíocht (64)** – is deacair éalú uaithe na laethanta seo.

Gramadach **An aimsir fháistineach (68)** mar aon le cleachtaí

Prós roghnach **Codladh sámh! (56)**

Sochaí An raibh a fhios agat gur féidir **Seomra dorcha (53)** a dhéanamh geal? Fuarthas **An fíorlúb ar lár (69)** de thaisme, ach is droichead é idir na speicis éagsúla.

Teicneolaíocht Tá taighde ar siúl in Ollscoil Wisconsin-Madison faoi gheimhriú i mamaigh. Seans go mbeadh úsáideach chun dul **Go Mars faoi shuan! (53)** Sa lá atá inniu ann tá an nuatheicneolaíocht **An-áisiúil (69)** sa seomra ranga.

Timpeallacht Fuair na buachaillí amach cén séasúr ab fhearr leo sa chomhrá **Cé acu is fearr leat? (54)** An mbeidh **Feananna ag mná na hÉireann? (67)** Is mithid dúinn aithris a dhéanamh ar na **Dea-**

shamplaí! (69) Tá Éire ag **Bun an ranga (72)** ó thaobh gníomhuithe i leith athruithe aeráide de.

Crosfhocail, Tráth na gceist, Anagram, Tomhas agus Rabhlóg

©Gael Linn

Splanc | 2018-2019 | Gael Linn



